2026/2082

14.9.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2082 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Meán Fómhair 2026

lena bhformheastar maoluithe ar Rialachán (AE) 2026/467 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le coinníollacha incháilitheachta táirgí cosanta le haghaidh cúnamh airgeadais don Úcráin

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2026/467 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Feabhra 2026 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú na hIasachta Tacaíochta don Úcráin le haghaidh 2026 agus 2027 ([1]) agus go háirithe Airteagal 13(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2026/467, tarraingeoidh an Úcráin sceideal suas le haghaidh gach gníomhaíochta, caiteachais nó birt a bhaineann le táirgí cosanta nó le táirgí eile chun críoch cosanta a bhfuil sé beartaithe aici cúnamh a iarraidh ina leith, chun tacú lena hacmhainneacht thionsclaíoch cosanta, de bhun Airteagal 8(2), pointe (a)(iii) de Rialachán (AE) 2026/467.

(2) Leagfar amach sa sceideal sin tuairisc ar an táirge cosanta nó ar tháirge eile chun críoch cosanta agus faisnéis maidir le comhlíonadh na gcoinníollacha incháilitheachta a leagtar amach in Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2026/467.

(3) Le hAirteagal 13(5) de Rialachán (AE) 2026/467 bunaítear an fhéidearthacht don Úcráin maoluithe ar choinníollacha incháilitheachta táirgí cosanta le haghaidh cúnamh airgeadais don Úcráin, faoi choinníollacha áirithe. Tá an Coimisiún leis na maoluithe sin a fhormheas trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, agus comhairle, saineolas agus tacaíocht ó Ghrúpa Saineolaithe um Acmhainneacht Thionsclaíoch Cosanta na hÚcráine á gcur san áireamh, má fhaightear tuairim dhearfach ón gCoiste dá dtagraítear in Airteagal 27 den Rialachán sin.

(4) An 18 Lúnasa 2026, i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2026/467, chuir an Úcráin sceideal táirgí faoi bhráid an Choimisiúin ('an 5ú sceideal táirgí'), sceideal a aicmítear ar leibhéal atá coibhéiseach le RESTREINT UE/EU RESTRICTED i gcomhréir le Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún ([2]), a bhaineann le diúracáin le haghaidh córais aerchosanta ('na táirgí cosanta lena mbaineann').

(5) Maidir leis na táirgí cosanta lena mbaineann, d'iarr an Úcráin tairbhiú den mhaolú a leagtar síos in Airteagal 13(5), pointe (a), de Rialachán (AE) 2026/467, i leith na gcoinníollacha incháilitheachta a leagtar amach in Airteagal 13(4) den Rialachán sin maidir le monaróirí, bonneagair agus comhpháirteanna táirgí cosanta den chineál sin, chun na táirgí sin a sholáthar ó Rialtas tríú tír.

(6) Chun tacú lena hiarraidh, chuir an Úcráin faisnéis ar fáil chun a léiriú go raibh géarghá aici leis an táirge cosanta lena mbaineann a fháil. Thug sí chun cuimhne go háirithe go raibh dlús curtha ag an Rúis, le roinnt míonna anuas, le hionsaithe agus le húsáid diúracán balaistíoch hipearsonach, mar aon le húsáid drón scairdinnill. Ba é an toradh air sin líon mór taismeach sibhialtach, líon atá ag méadú fós. I gcás diúracáin bhalaistíocha go háirithe, tháinig laghdú as cuimse ar ráta tascartha na hÚcráine toisc gur ídíodh stoic na n-idircheapóirí a raibh gá leo. Dá bhrí sin, aithnítear go forleathan go bhfuil géarghá oibríochtúil láithreach leis na táirgí cosanta sin, agus go bhfuil údar maith leis an ngéarghá sin. Thairis sin, tá dlús á chur ag an Rúis go leanúnach le monarú agus úsáid táirgí cosanta, amhail diúracáin agus dróin a úsáidtear chun an Úcráin a ionsaí, rud a fhágann gur gá don Úcráin méideanna leordhóthanacha idircheapóirí a bheith aici. Tá an staid níos measa fós i bhfianaise an chomhthéacs gheopholaitiúil dhomhanda atá ann faoi láthair, ar comhartha sóirt de an t-ardú tobann ar an éileamh domhanda ar an táirge cosanta lena mbaineann, mar gheall ar theannas idirnáisiúnta atá ag dul in olcas, rud a fhágann go bhfuil níos mó brú fós ar acmhainneacht mhonaraíochta agus ar stoic atá ann cheana. Agus na gnéithe sin á gcur san áireamh ag an Úcráin, cuireann sí i dtábhacht an géarghá atá aici leis an bpróiseas soláthair a thosú a luaithe is féidir chun sliotáin mhonaraíochta a dhaingniú an túisce is féidir.

([1]) IO L, 2026/467, 26.2.2026 (ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/467/oj).
([2]) Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh a chosaint IO L 72, 17.3.2015, lch. 53 (ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2015/444/oj).

(7) Chuir an Úcráin faisnéis ar fáil freisin chun a léiriú nach bhfuil aon táirge cosanta ar fáil, go dtí seo, atá coibhéiseach leis na táirgí lena mbaineann, agus a chomhlíonfadh na coinníollacha incháilitheachta a leagtar amach in Airteagal 13(2) agus (4) de Rialachán (AE) 2026/467. Is é is aidhm don soláthar seo na stoic le haghaidh córais aerchosanta atá i seirbhís i bhfórsaí armtha na hÚcráine cheana féin a athshlánú. Tá sé fíor-riachtanach, dá bhrí sin, go mbeadh na táirgí cosanta lena mbaineann comhoiriúnach leis na córais sin. Is cosúil gurb iad na táirgí cosanta lena mbaineann, agus iad sin amháin, is féidir a úsáid leis na córais inseirbhíse a bhfuil géarghá ag an Úcráin le harmlón lena n-aghaidh. Ina theannta sin, is ábhartha a lua go bhfuil fórsaí armtha na hÚcráine oilte lena úsáid, agus go bhfuil tástáil comhraic déanta ar an táirge, ós rud é go bhfuil a éifeachtúlacht maidir le cur i gcoinne na mbagairtí léirithe cheana féin. Dá bhrí sin, is féidir an táirge a bheith oibríochtúil a luaithe a sheachadfar é agus is féidir le fórsaí armtha na hÚcráine é a úsáid láithreach.

(8) Ina theannta sin, chuir an Úcráin faisnéis ar fáil chun a shuí go bhfuil aga seachadta na dtáirgí cosanta lena mbaineann i gcomhréir le práinn na staide agus le gá oibríochtúil láithreach na hÚcráine, chomh maith le gealltanas dlíthiúil ó Rialtas an tríú tír maidir le comhlíonadh an aga seachadta. Léirigh an Úcráin go háirithe go gcomhfhreagraíonn an táirge seo le gá oibríochtúil láithreach, lena n-áirítear cosaint a chur ar fáil, trí bhíthin armra nua-aimseartha, don daonra sibhialta atá neamhchosanta ar bhuamáil threisithe na Rúise, agus go bhfuil práinn ar leith leis dá bharr. Leis an ngealltanas dlíthiúil arna chur ar fáil ag an rialtas atá ag gníomhú mar sholáthróir, déantar foráil maidir le haga seachadta a bhfuil sé beartaithe cloí leis le linn an phróisis inmheánaigh cinnteoireachta a bheidh ann roimh shíniú an chonartha. Maidir leis an aga seachadta dá dtagraítear sa ghealltanas dlíthiúil sin, cé nach n-áirithítear leis go seachadfar na táirgí sin sa ghearrthéarma toisc an ardéilimh atá orthu ar fud an domhain, tá an Úcráin tar éis a chur in iúl go hinchreidte, maidir le sliotáin mhonaraíochta a chur in áirithe trí thús a chur leis an bpróiseas soláthair, go bhfuil fíor-fhéidearthacht ann, ar bhonn taithí a fuarthas roimhe seo, go mbeifear in ann tairbhiú d'athrú ar ord tosaíochta na n-orduithe ó thíortha eile a bhfuil sliotáin mhonaraíochta curtha in áirithe acu le haghaidh na dtáirgí céanna, rud a fhágfaidh go mbeidh an Úcráin in ann na táirgí a fháil níos luaithe. Leis an bhféidearthacht sin tugtar deis faoi leith don Úcráin rochtain a bheith aici ar na táirgí cosanta lena mbaineann, ar táirgí den ríthábhacht iad chun daonraí sibhialta agus bonneagair chriticiúla a chosaint i gcúinse ina bhfuil an rochtain ar na táirgí sin ar fud an domhain fíordheacair mar gheall ar an gcomhthéacs geopholaitiúil. In éagmais na féidearthachta sin, bheadh an Úcráin i staid chriticiúil ó thaobh na slándála agus ó thaobh a acmhainneachta díspreagtha de, rud a dhéanfadh dochar freisin do leasanna slándála an Aontais agus a Bhallstát.

(9) San am céanna, chun a áirithiú, le húsáid an mhaolaithe le himeacht ama, go n-urramaítear cuspóirí an Rialacháin go hiomlán agus chun a áirithiú go mbeidh fíorchomhar eacnamaíoch agus tionsclaíoch idir an Úcráin agus an tAontas maidir le táirgí cosanta a mhonarú, agus chun a áirithiú freisin go ndéanfar earnáil tionsclaíochta na hÚcráine a chomhtháthú de réir a chéile i mbonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí (BTTCE), is ábhartha a bhreithniú go bhfuil an Úcráin ag soláthar, i nós imeachta comhthreomhar agus le cúnamh ó Rialachán (AE) 2026/467, córais chosanta atá coibhéiseach leis na córais chosanta ar ina leith a bhfuil rún ag an Úcráin na táirgí cosanta lena mbaineann a sholáthar, agus a chomhlíonfadh na ceanglais atá san áireamh in Airteagal 13(4). Leis an soláthar sin, cheadófaí dá réir tástáil oibríochtúil an chórais san Úcráin, rud a bheadh ina chéim ríthábhachtach chun tosaigh maidir le soláthróirí don Úcráin a éagsúlú a thuilleadh, agus maidir le comhtháthú leantach na hÚcráine in BTTCE.

(10) An 26 Lúnasa 2026, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le Grúpa Saineolaithe um Acmhainneacht Thionsclaíoch Cosanta na hÚcráine, arna bhunú ar bhonn Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2026/467, maidir leis an iarraidh ón Úcráin ar mhaolú, agus fuair sé comhairle uaidh an dáta céanna.

(11) I bhfianaise na n-imthosca uile thuasluaite, agus an chomhairle ó Acmhainneacht Thionsclaíoch Cosanta na hÚcráine á cur san áireamh, measann an Coimisiún go gcomhlíontar na coinníollacha maidir leis an maolú a leagtar síos in Airteagal 13(5) de Rialachán (AE) 2026/467. Dá bhrí sin, ba cheart an maolú a d'iarr an Úcráin an 18 Lúnasa 2026 a fhormheas.

(12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gcoiste a bunaíodh le hAirteagal 27(1) de Rialachán (AE) 2026/467.

(13) I bhfianaise a phráinní atá sé don Úcráin na táirgí lena mbaineann a sholáthar agus chun gur féidir an maolú a chur chun feidhme go pras, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe san *Iris Oifigiúil*.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formheasann an Coimisiún úsáid an mhaolaithe i gcomhréir le hAirteagal 13(5), pointe (a), de Rialachán (AE) 2026/467 mar a d'iarr an Úcráin sa 5ú sceideal táirgí a fuair an Coimisiún an 18 Lúnasa 2026.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN